

# FOIRM URNAÍ AGUS TIOMNAITHE

## I NDIAIDH PÓSADH SIBHIALTA

*Tagann an lánúin phósta isteach san eaglais le chéile.*

*Deir an ministir ceannais*

Grásta, trócaire agus síocháin,  
ó Dhia ár nAthair agus ón Tiarna Íosa Críost,  
go raibh libh uilig.

**Agus leat féin.**

### INTREOIR

Is grá é Dia agus iad sin a mhaireann sa ghrá maireann i nDia agus maireann Dia iontu.

*1 Eoin 4: 6*

Mura ndéana an Tiarna an teach a thógáil, is saothar amú é do lucht a thógála.

*Salm 127.1*

A ... agus a ..., seasann sibh i bhfianaise Dé mar lánúin phósta, chun bhur saol le chéile a thiomnú dó, chun go ndéana sé bhur bpósadh a choisreacan, agus chun go neartaí sé sibh chun an gheallúint agus an cúnant a d'fhógair sibh go sollúnta a choimeád.

Cuireann an scríoptúr an pósadh os ár gcomhair mar chuid de chruthú Dé agus den mhistéir naofa ina ndéantar aon fheoil d'fhear agus de bhean. Is é rún Dé é de réir mar a thugann fear agus bean iad féin dá chéile i ngrá le linn a saoil, go n-aontófar sa ghrá sin iad mar a aontaítear Críost lena Eaglais.

[Ordaíodh an pósadh go dtiocfadh le fear agus bean fortacht agus cuidiú a thabhairt dá chéile, ina gcónaí go dílis le chéile trí shéan agus trí léan, trí bhrón agus trí áthas. Tá siad chun aithne a chur ar a chéile le haoibhneas agus le cineáltas trí ghrá; agus trí lúcháir a n-aontachta corpartha tá siad chun aontacht a gcroí agus a mbeatha a neartú.]

Dlitear dóibh go mbeannófaí iad sna páistí a bheadh acu, ag tabhairt aire dóibh agus a dtógáil de réir toil Dé, dá mholadh agus dá ghlóir. Sa phósadh cuireann fear agus bean tús le saol úr i measc an phobail. Buancheangal atá sa phósadh ar chóir go mbeadh urraim ag cách dó; Ní cóir tabhairt faoi go faillíoch, go héadrom, nó go leithliseach, ach trí chabhair Dé, le hurraim, le freagracht, le meas agus le gealltanais na dílseachta.]

Is toil libh anois bhur mian chun cónaí le chéile mar dheisceabail Chríost a dheimhniú, agus tá sibh tagtha chuige, foinse na ngrást, ionas go gcuirtear ar bhur gcumas, agus sibh neartaithe ag paidreacha na hEaglaise, bhur móideanna pósta a chomhlíonadh i ngrá agus i ndílseacht.

*Is féidir iomann a cheol.*

### AN ORTHA

*Deir an ministir*

A Dhia ár nAthair,  
theagasc tú dúinn trí do Mhac  
gurb é an grá comhlíonadh an dlí.  
Deonaigh do do sheirbhísigh  
go leana siad orthu i do ghrá go deireadh a saoil  
agus grá acu dá chéile,  
trí Íosa Críost ár dTiarna. **Áiméan.**

**Ag Fógairt agus ag Glacadh leis an Bhriathar**

*Féadann léacht nó níos mó as an Scríoptúr a bheith ann. Ag an Chomaoineach Naofa bíonn ar a laghad dhá léacht ann, an Soiscéal ar an léacht deiridh.*

### AN TSEANMÓIR

*Is féidir iomann a cheol.*

**An Deimhniú**

***Tugann an lánúin aghaidh ar an mhinistir, a deir;***

A ... agus a ..., thug sibh a chéile faoi chúram a chéile sa phósadh,  
agus aithnítear do phósadh sa dlí.  
Is é an tuiscint atá ag Eaglais Chríost ar an phósadh, nó,  
le toil Dé  
aontacht fir agus mná,  
más fear más measa dóibh,  
más saibhir, más daibhir,  
in easláinte agus i sláinte,  
le grá agus le téagar dá chéile,  
go scara an bás iad.  
An é seo bhur dtuiscint ar an chúnant agus ar an mhóid a thug sibh?

***An fear agus an bhean***

**Is é.**

***Deir an ministir leis an fhear***

A ..., ghlac tú ... mar chéile agat. An leanfaidh tú ort ag tabhairt grá, fortacht, onóir agus aire di, agus ag tréigean gach uile mhná eile, bheith dílis di a fhad is a mhaireann sibh beirt?

***Freagraíonn sé***

**Leanfaidh mé.**

***Deir an ministir leis an bhean***

A ..., ghlac tú ... mar chéile agat. An leanfaidh tú ort ag tabhairt grá, fortacht, onóir agus aire dó, agus ag tréigean gach uile fhir eile, bheith dílis dó a fhad is a mhaireann sibh beirt?

***Freagraíonn sí***

**Leanfaidh mé.**

***Féadann an ministir a rá, agus an fear agus an bhean ag snaidhmeadh lámha an fháinne pósta le chéile***

A Athair neamhaí, go raibh na fáiníní seo mar chomhartha an ghrá shíoraí agus na dílseachta do ... agus ..., leis an mhóid agus leis an chúnant atá tugtha acu a chur i gcuimhne dóibh; trí Íosa Críost ár dTiarna. **Áiméan.**

***Deir an ministir leis an phobal***

An leanfaidh sibhse, teaghlach agus cairde ... agus ..., atá cruinnithe le chéile anseo, an leanfaidh sibh oraibh ag tabhairt tacaíochta dóibh ina bpósadh?

***Deir an pobal***

**Leanfaidh muid.**

***Téann an fear agus an bhean ar a nglúine, agus deir siad***

**A Athair neamhaí,  
toirbhrímis duit  
ar n-anam agus ár gcorp,  
ár smaointe, ár mbriathra  
agus ár ngníomhartha,  
ár ngrá dá chéile.  
Aontaigh ár dtoil i do thoilse  
go bhfása muid le chéile  
ngrá agus faoi shíocháin  
ar feadh ár saoil;  
trí Íosa Críost ár dTiarna. **Áiméan.****

***Féadann an ministir beannacht acu seo, nó an dá bheannacht a rá;***

Go dtuga Dia grásta daoibh bheith buanseasmhach,  
agus go gcríochnaí sé an obair ar chuir sé tús léi cheana ionaibh,  
trí Íosa Críost ár dTiarna. **Áiméan.**

Go mbeannaí is go gcumhdaí an Tiarna sibh,  
Go dtaitní gnúis an Tiarna libh agus go raibh sé caoin libh.  
Go nochtaí an Tiarna a ghnúis daoibh agus go dtuga sé síocháin daoibh  
ar feadh bhur saoil. **Áiméan.**

*Is féidir iomann a cheol.*

## PAIDREACHA

*Téann an lánúin ar a nglúine ag Tábla an Tiarna.*

*Is é an ministir, nó daoine eile a cheapann sé, a deir na paidreacha; baintear úsáid as na paidreacha seo a leanas,  
nó paidreacha fóirsteanacha eile.*

*Ar son an fhir agus na mná*

A Thiarna Dia,  
beannaigh iad seo do sheirbhísigh,  
Go raibh do bhriathar mar lampa dá gcosa,  
agus solas dá gcasán;  
go ndéana siad do thoil,  
go raibh siad sábháilte faoi do dhídean,  
is go gcónaí siad i do ghrá a fhad is a mhaireann siad;  
trí Íosa Críost ár dTiarna. **Áiméan.**

A Dhia uilechumhachtaigh, bronntóir an ghrá agus na beatha;  
Beannaigh ..., agus ..., atá aontaithe agat sa phósadh.  
Deonaigh dóibh eagna agus dílseacht ina saol le chéile,  
go raibh siad mar chrann taca dá chéile in am an ghátair,  
mar fhortacht i mbrón, agus mar chompánach in áthas.  
Aontaigh a dtoil faoi do thoilse  
agus a spiorad faoi do Spioradsa,  
go maire agus go gcónaí siad le chéile  
i ngrá agus faoi shíocháin;  
ar feadh a saoil;  
trí Íosa Críost ár dTiarna. **Áiméan.**

A Dhia, choisric tú an pósadh  
mar chomhartha na haontachta spioradálta  
idir Críost agus a Eaglais;  
Beannaigh iad seo do sheirbhísigh,  
go dtuga siad grá agus onóir dá chéile,  
is go gcumhdaí siad a chéile,  
i ndílseacht agus le foighid,  
in eagna agus i bhfíordhiagacht;  
go raibh a dteaghlach mar ionad beannachta agus síochána;  
trí Íosa Críost ár dTiarna,  
a rialaíonn is atá beo leatsa agus leis an Spiorad Naomh,  
aon Dia amháin, anois agus de shíor. **Áiméan.**

A Dhia ár gcruthaitheoir,  
bheir muid buíochas duit ar son do thabhartais, an grá collaí,  
ina dtugann an fear agus an bhean aoibhneas dá chéile,  
agus iad páirteach leatsa san áthas a bhaineann le cruthú na beatha úire.  
Trí do ghrásta, go maire grá ..., agus ... buan,  
agus go raibh ríméad orthu i do mhórmhaitheas ar feadh a saoil,  
trí Íosa Críost ár dTiarna. **Áiméan.**

*Ar son tabhartas páistí*

A Athair neamhaí, déantóir an uile ní,  
cuireann tú ar ár gcumas bheith páirteach in obair na cruthaíochta agat;  
beannaigh an lánúin seo trí thabhartas páistí,

agus tabhair grásta dóibh a dteach a dhéanamh  
mar ionad grá, sábháilteachta agus fírinne,  
go bhfása a gclann aníos in aithne ort,  
agus i ngrá duit  
trí do Mhac, Íosa Críost ár dTiarna. **Áiméan.**

#### ***Ar son na fianaise Críostaí sa phósadh***

A Dhia shíoraí, a fhíorAthair ghráúil,  
aontaíonn tú do sheirbhísigh sa phósadh;  
Go raibh a saol le chéile mar fhianaise ar do ghrá  
sa saol achrannach seo,  
go sáraí an aontacht deighilt,  
go leigheasa an maithiúnas gortú,  
is go mbeire an t-áthas bua ar an bhrón;  
trí Íosa Críost ár dTiarna. **Áiméan.**

A Dhia uilechumhachtaigh,  
ár nAthair neamhaí,  
cheap tú an pósadh mar fhoinsé beannachta;  
Bheir muid buíochas duit as aoibhneas saol an teaghlaigh;  
Go n-aithní muid go bhfuil tú féin agus do shíocháin linn sa bhaile,  
lón ár dteaghlaigh le do ghrá, agus bain feidhm astu chun do ghlóire;  
trí Íosa Críost ár dTiarna. **Áiméan.**

## **AN TSIOCHÁIN**

#### ***Deir an ministír***

Dúirt Íosa, Tá aithne nua á tabhairt agam daoibh, go dtabharfadh sibh grá dá chéile;  
faoi mar a thug mise grá daoibhse,  
go dtabharfadh sibhse grá dá chéile. *Eoin 13.34*

Go raibh síocháin an Tiarna libh i gcónaí  
**agus leat féin.**

#### ***Tugadh an pobal comhartha na síochána dá chéile.***

#### ***Is féidir seo a chur i láthair leis na focail;***

Tugaimis comhartha na síochána dá chéile.

#### ***Is féidir iomann a cheol.***

***Nuair a cheiliúrtar Comaoineach Naofa a Dó, cuirtear tús leis an tseirbhís ag Ceiliúradh ag Tábla an Tiarna ar (Ich 187) nó i gComaoineach Naofa a hAon ag, Ardaigí bhur gcroíthe ... (Ich 163)***

## **PREFÁID AR LEITH**

Bheir muid buíochas duit  
óir rinne tú an t-aontú idir Críost agus a Eaglais  
mar eiseamláir ar an phósadh idir fear agus bean;

## **AN PHAIDIR**

#### ***Mura gceiliúrtar an Chomaoineach Naofa, deir an ministír***

Guímis le chéile mar a theagasc ár Slánaitheoir Críost dúinn:

***nó,***

Mar a mhúin ár Slánaitheoir Críost dúinn, tá sé de mhisneach againn a rá:

**Ár nAthair atá ar neamh, go naofar d'ainm,  
go dtaga do ríocht, go ndéantar do thoil  
ar talamh mar a dhéantar ar neamh.  
Ár n-arán laethúil tabhair dúinn inniu.  
Agus maith dúinn ár bhfiacha,**

mar a mhaithimidne dár bhféichiúna féin  
Agus ná lig sinn i gcathú, ach saor sinn ón olc.  
Óir is leatsa an ríocht, agus an chumhacht,  
agus an ghlóir, trí shaol na saol. **Áiméan.**

**DEIREADH**

*Féadann an ministir a rá*

Go raibh grásta ár dTiarna Íosa Críost agus grá Dé  
agus cumann an Spioraid Naoimh linn go léir. **Áiméan.**

*nó*

Go neartaí Dia an Tríonóid Naofa sibh i muinín agus i ngrá,  
go gcosnaí sé sibh ar gach taobh,  
is go dtreoraí sé sibh i bhfírinne agus i síocháin;  
Agus go raibh beannacht Dé uilechumhachtaigh oraibh,  
an tAthair, agus an Mac agus an Spiorad Naomh  
is go bhfana oraibh a choíche. **Áiméan.**

**NÓTAÍ**

- 1 Úsáidtear an tseirbhís seo faoi dhiscréid an mhinistir. Seirbhís atá ann inar mian leis an lánúin atá pósta cheana a saol le chéile a thiomnú do Dhia. As siocair nach seirbhís phósta í, ní dhéantar iontráil i gclárleabhar na bpóstaí.
- 2 As siocair go raibh an pósadh ann roimh ré, ní thugtar, nó ní ghlactar fáinne le linn na seirbhíse.
- 3 Ní mór gach léacht i bhFógairt agus Glacadh leis an Bhriathar a bheith as an Scriptúr Naofa.
- 4 B chóir don mhinistir agus don lánúin, na léachtaí, na hiomainn, an ceol agus na paidreacha atá le húsáid sa tseirbhís a roghnú le chéile.
- 5 Má cheiliúrtar an Chomaoineach Naofa sa tseirbhís seo, ba chóir go mbeadh saoirse ag gach comaoineoir chun an tsacraimint a ghlacadh.